

POBAL CHRÍOST RÍ GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(074) 91 35214 nó (086) 60 31 749

25ú Lúnasa 2024

www.parishpress.net / www.mcn.live

AIFRINN NA SEACHTAINE

24.08 Satharn 11r.n.

Martha Ní Ghallchóir, An Bhealtaine

24.08 Satharn 7 i.n.

25.08 Domhnach 9 r.n.

25.08 Domhnach 11 r.n.

26.08 Luan 7 i.n.

27.08 Máirt 10 r.n.

28.08 Céadaoin 7 i.n.

29.08 Déardaoin 7 i.n.

30.08 Aoine 7 i.n.

31.08 Satharn 11r.n.

31.08 Satharn 7 i.n.

01.09 Domhnach 9 r.n.

01.09 Domhnach 11 r.n.

BÁS LE GAIRID

Martin Doyle, Co. Mhuineacháin

Bosco Lynch, St. Johnston agus Míin Charraig

Mary Uí Chuireáin, Port Uí Chuireáin

CUIMHNEACHÁIN BÁIS

Chrissie Columb, An Ardaí Bheag

Mags Gough-McGarvey, Glaschú

THE IRISH CATHOLIC

- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE

Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

CUMANN N. UINSONN DE PÓL – Iarratais ar chuidiú chuig:

087 1965933.

CRUINIÚ AIRGID Tógadh €1,855.00 an tseachtain s'chuaigh thart.

Buíochas don phobal.

ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE

Dé Máirt 10.30 r.n. - 7.00 i.n.

PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - achan Mháirt 7.00 i.n. PAIDRÍN sa Teach Phobail achan Domhnach 7.00 i.n.

CEAMARA THEACH AN PHOBAIL

Beidh seirbhís MCN Media ar www.mcn.live ó seo amach, tá an tsean tsuíomh idirlín ag dhul as úsáid.

THE IRISH CATHOLIC Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain. Cuir €3.00 sa bhocsa bán le bhur dtoil.

AN tAONÚ DOMHNACH FICHEAD

AN CHÉAD LÉACHT

Sliocht as leabhar Iósua. 24:1-2, 15-18.

Chruinnigh Iósua treibheanna Isráel uilig le chéile ag Secem; ansin scairt sé chuige seanóirí, taoisigh, breithiúna agus scríobhaithe Isráel, agus chuir iad i láthair Dé. Ansin dúirt Iósua leo uilig: “Muna bhfuil sibh toilteanach bheith umhal don Tiarna, déanaigí bhur rogha inniu cé bhur nDia. An iad na déithe a ndearna bhur n-aithreacha a fhreastal taobh thall den abhainn - nó déithe na nAmóriteach sa dúiche ina gcónaíonn sibh anois? Maidir liom féin agus mo theaghlach, beidh muid umhal do Dhia.”

D'fhreagair na daoine: “Nár lige Dia go dtréigimid an Tiarna le bheith umhal do dhéithe eile! Nár bh é an Tiarna a thug sinne agus ár sinsir amach as tír na hÉigipte - tír ár sclábháiochta? Nár bh é a rinne na héachtaí sin os comhair ár súile agus a shábháil sinn ar an bhealach a ndeachamar? Agus rud eile, is é an Tiarna a thiomáin romhainn na ciníocha go léir i gcuideachta leis na hAmóritigh a raibh cónaí orthu sa tír. Ar an ábhar sin beidh muidinne fosta umhal don Tiarna óir is e ár nDia é.”

Briathar an Tiarna FR. Buíochas do Dhia.

FREAGRA AN tSAILM

Blaisigí agus féachaigí a fheabhas atá an Tiarna.

AN DARA LÉACHT

Sliocht as litir Naomh Pól chuig na hEifísigh. 5:25-32.

A fheara, bíodh grá agaibhse do bhur mná, mar a bhí grá ag Críost don Eaglais, agus d'ofráil sé é féin ar a son, le í a dhéanamh naofa. Rinne sé í a ní tré bhriathar na beatha; go dtí go mba Eaglais ghlórmhar aige í, Eaglais gan smál, gan ruic, ná ní ar bith dá shórt, ach go mbeadh sí naofa, gan locht. Mar a gcéanna, is cóir do fhir a gcuid ban a ghráú mar a gcoirp féin. An té a bheir grá dá bhean, is dó féin a bheir sé grá. Ní raibh duine ar bith riamh a thug fuath dá cholainn féin, ach bheir sé cothú agus aire dí, mar a bheir Críost don Eaglais, de bhrí gur baill dá chorp sinne. Dá bhrí sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair agus claoidhfídh sé lena bhean agus beidh an bheirt ina n-aon chorp amháin. Rúndiamhair mhór í seo, agus cuirim Críost agus an Eaglais mar mhíniú uirthi.

Briathar an Tiarna FR. Buíochas do Dhia.

ALLELUIA

Alleluia, alleluia! Is spiorad agus is beatha iad d'fhocail, a Thiarna. Is agatsa atá briathra na beatha síoraí. **Alleluia!**

SOISCÉAL

Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin. 6:60-69.

San am sin dúirt mórán de dheisceabail Íosa: “Is cruaidh an chaint í seo, cé a d'fhéadfadh éisteacht leí?” Bhí a fhios ag Íosa ann féin go raibh a dheisceabail ag monamar faoi seo agus dúirt sé leo: “An dtugann seo scainneal daoibh? Ach cad é má fheiceann sibh Mac an Duine ag dul suas mar a raibh sé ar dtús? Is é an Spiorad a thugas an bheatha; níl sé de chumhacht ag an chorp. Ná focail atá ráite agam libh, is Spiorad agus beatha iad. Ach tá cuid agaibh nach gcreideann. Óir bhí a fhios ag Íosa ó thús cé hiad nár chreid agus cé a bhí ar tí é a bhrath. Dúirt sé leo: “Is é sin an fáth gur inis mé daoibh nach féidir d'aon duine teacht chugam mura mbronnann an tAthair air é.” Ón am sin chuaigh mórán dá dheisceabail thar ais agus níor shiúil siad leis níos mó. Dúirt Íosa dá bhrí sin leis an dáréag: “An mian libhse imeacht fosta?” D'fhreagair Síomón Peadar é: “A Thiarna, cé chuige a rachaimid? Is agatsa atá briathra na beatha

síoraí, chreideamar agus tá a fhios againn gur tusa an Críost, Mac Dé.”

Soiscéal an Tiarna. FR. Moladh duit, a Chríost.

ATHOSCAILT NA SCOLTACHA

SN Chaiseal na gCorr - Dé Céadaoine - 28.08.2024

SN Chnoc na Naomh - Dé Céadaoine - 28.08.2024

SN Naomh Dubhthach - Dé Céadaoine - 28.08.2024

SN Ghort an Choirce - Dé Luain - 02.09.2024

CUARTAÍOCHT BHAILE

Dhéanfaidh an tAth. Donnchadh cuairt a thabhairt ar na seandaoine agus na daoine tinne, Dé Luain, Dé Céadaoine agus Dé hAoine seo chugainn:

Dé Luain: Doire Chonaire, Cill Ulta

Dé Céadaoine: Machaire Rabhartaigh, Mín Lárach

Dé hAoine: Sruthán, Gort a' Choirce, Fána Bhuí, An Bhealtaine, An Cheathrúin, An Ardaí Mhór, An Ardaí Bheag.

FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an chúig a chlog **Dé Céadaoine.**

WHIST AN DOMHNAIGH

- Teach a' Cheoil. Gach Domhnach 8.00 i.n.
- Fáilte roimh gach duine.

HALLA NA PARÓISTE

Traenáil circuits le James Boyle achan Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.-7.30 i.n. €7. Fáilte roimh achan duine.

Bollaí (bowls) achan Domhnach 8.00 i.n. Níl feidhm ort do chuid bollaí fhéin a bheith leat ar dtús báire. Tá fáilte mhór roimh óg agus aosta.

TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011

MÁITHREACHA BREITHE Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinginfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.

TACAÍOCHT AR FÁIL An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599

Narcotics Anonymous 087 4045030 / 00447810172991

AA (Alcoholics Anonymous) 087 6273596

AL ANON 018732699. info@al-anon-ireland.org

CLÉIRIGH

Dé Sathairn 24/08 @ 7.00: James Ó Cearnaigh

Dé Domhnaigh 25/08 @ 9.00: Naoise & Iarla Ó Ceallaigh & Brídanne Ní Ghallchóir

Dé Domhnaigh 25/08 @ 11.00: Orlaith Beatty, Cassie Nic Póil

Dé Sathairn 31/08 @ 7.00: Jenna agus Kayla Nic Fhionnlaoich

Dé Domhnaigh 01/09 @ 9.00: Cathal, Peadar & Caitríona Ní hArlaigh

Dé Domhnaigh 01/09 @ 11.00: Ciara Ní Fhearraí

LÉITHEOIRÍ - Meán Fómhair

Dé Sathairn 7 i.n. Feadorcha Ó Gallchóir

Dé Domhnaigh 9 r.n. Patricia Uí hArlaigh

Dé Domhnaigh 11 r.n. Neansaí Nic Géidigh

MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Meán Fómhair

Dé Sathairn 7 i.n. Caitlín Ní Ghallchóir & Rita Nic Gabhann

Dé Domhnaigh 9 r.n. Sally Ní Fhíorusce & Bríd McCurry

Dé Domhnaigh 11 r.n. Séamus Ó Briain & Pearse O'Reilly

MAIDIN CAIFE

Beidh maidin caife sa scoil bheag ag Nóra Nic Gearailt agus a fear céile Liam ar an Domhnach 01.09.24 idir 9.30r.n. - 12.30i.n. Tá an lá eagraithe le h-airgead a chruinniú do Ronald McDonald House Charities a chuireann lóistín ar fáil do theaghlaigh le páiste atá ag fáil coir leighis in Ospidéal na bPáistí i gCromghlinn. Beidh an bheirt acu ag déanamh maratón i Chicago ar an 13.11.24 fá na choinne. Beidh fáilte roimh achan dhuine don chúis mhaith seo. Tuilleadh eolais ó Nóra ag 087 902 4888.

FOLÚNTAIS

Tá dhá fholúntas d'oibrithe thart fán teach phobail agus an reilig, má tá suim agat déan teagmháil le Áine Ní Rabhartaigh ar 0872366912.

BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)

Lotto: Char imigh an póta óir. B'iad 1-5-9-14-15-16 na huimhreacha. Comhghairdeachas le Marina McFadden agus Majorie Curran a bhain €50.00 an duine.

Pota óir don tseachtain seo: €8,100.00

Thig imirt ar líne ag:

https://www.klubfunder.com/Clubs/Cloughaneely_Junior_Band/

Na Tithe Gloine Cill Ulta

Folúntas ar Scéim Shóisialta Tuaithe Cloich Cheannfhaola

Tá folúntas faoi láthair d'oibrí ginearálta ar an Scéim Shóisialta Tuaithe ag Na Tithe Gloine i gCill Ulta - le bheith rannpháirteach sa scéim caithfidh tú na rialacha maidir leis an Scéim Shóisialta Tuaithe atá leagtha síos ag an Roinn Choimirce Sóisialaí, a chomhlíonadh. Má tá suim agat dean teagmháil le Seosamh ar 0871605930.

COMHGHAIRDEAS

Comhghairdeas ó chroí leis an Siúr Nóra McGonigle (Nóra Jack ón Ailt), atá ag ceiliúradh a breithlá 100 bliana an tseachtain seo. Tá an tSiúr Nóra ina Franciscan Minoress le 60 bliain. Tá sí anois ina cónaí i gClochar na bProinsiasach i nGlaschú agus roimhe seo chaith sí blianta fada ar na misin san Afraic. Guímid breithlá shona uirthi agus sláinte mhaith di.

IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH

Lotto

Comhghairdeachas le buaiteoir an 50/50 - Marina Mhic Pháidín, Glaise Chú a bhain €158.00. Tarraingt beo ar Facebook achan Déardaoin @ 7.00 i.n.

Club Óige Chríost Rí - tá sé thart go Mí Mheán an Fhómhair

Tráth na gCeist i dTeach Choll, Machaire Rabhartaigh oíche Dhomhnaigh 25.08.2024 @ 9.30 i.n. d'Fhéile SPLANC

Chun sochair costaisí reatha na féile a bhéas ar siúil arís i mbliana

Tuilleadh eolais ar leathanach Facebook Ionad Mhachaire Rabhartaigh, cuir scairt ar 0749135556 - 9.00 - 5.00 i.n Luan go Déardaoin agus 9.00 - 4.00 i.n achan Aoine ná 0830769242 am ar bith.

NÓTAÍ CLG CHLOICH CHEANN FHAOLA

Lotto

Uimhreacha na seachtaine 17,4,3,6,9,2!

Bhí beirt ann le cúig uimhir. Comhghairdeas le Martina Gallagher agus Paddy Curran a bhain €50 an duine! Tá €5,100 sa phota óir anois.

Buíochas

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le John Paul Gallagher, James McCrossan agus Blaine Mulligan a bhí amuigh ag díol lotto ag an deireadh seachtaine.